C/2025/3628

3.7.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12031 — INVESTCORP / PSP / CROSSCOUNTRY)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/3628)

1. An 24 Meitheamh 2025, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Investcorp North American Private Equity Limited ('Investcorp', Oileáin Cayman)

— Public Sector Pension Investment Board ('PSP', Ceanada)

— Victors CCC Topco LP ('CrossCountry', Na Stáit Aontaithe). Tá CrossCountry faoi rialú aonair Investcorp faoi láthair.

Gheobhaidh Investcorp agus PSP rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar CrossCountry.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin conartha nó aon mhodh eile.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Bainisteoir sócmhainní domhanda is ea Investcorp, a bhfuil speisialtóireacht aige in infheistíochtaí malartacha ar fud cineálacha éagsúla sócmhainní,

— Déanann PSP bainistiú ar na méideanna a chuireann Rialtas Cheanada chuige, d'fhonn sochair a mhaoiniú ar sochair iad arna dtuilleadh arna saothrú ag baill Sheirbhís Phoiblí Fheidearálach Cheanada, Arm Cheanada, Phóilíní Capall Ríoga Cheanada ón 1 Aibreán 2000, agus ag baill an Fhórsa Cúltaca ón 1 Márta 2007. Bainistíonn sé punann domhanda éagsúlaithe lena n-áirítear stoic, bannaí agus urrúis ioncaim sheasta eile, mar aon le hinfheistíochta i gcothromas príobháideach, réadmhaoin, bonneagar, acmhainní nádúrtha agus infheistíochtaí creidmheasa.

3. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó CrossCountry: réitigh cuntasaíochta, airgeadais, riosca, agus cibir-réitigh agus seirbhísí claochlúcháin atá cumasaithe ag an teicneolaíocht a sholáthar do chustaiméirí poiblí agus príobháideacha. Tá sé gníomhach sna Stáit Aontaithe go príomha.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12031 — INVESTCORP / PSP / CROSSCOUNTRY

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË